C/2024/2980

25.4.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Aibreán 2024

lena gceaptar comhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach

(C/2024/2980)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (CE) Uimh. 235/2008 an 11 Márta 2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Bord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach [1], agus go háirithe Airteagal 3(5) de,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 24 Bealtaine 2022 [2], cheap an Chomhairle Martine DURAND mar chomhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach ('an Bord') le haghaidh téarma oifige 3 bliana.

(2) D'éirigh Martine DURAND as oifig roimh dá téarma oifige dul in éag.

(3) Is gá, dá bhrí sin, comhalta nua a cheapadh ar an mBord.

(4) Luaitear in Airteagal 3(2) de Chinneadh Uimh. 235/2008/CE, tá comhaltaí an Bhoird le roghnú as measc saineolaithe a mbeidh sár-inniúlacht acu i réimse an staidrimh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar leis seo Sandrine DUCHÊNE mar chomhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil ar feadh téarma oifige 3 bliana.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 22 Aibreán 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

[1] IO L 73, 15.3.2008, lch. 17.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 24 Bealtaine 2022 lena gceaptar comhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (IO C 211, 30.5.2022, lch. 2).